CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

# **Breithiúnas** na Cúirte
# i gCás C-298/23 | Inter IKEA Systems

Preaseisiúint Uimh. 119/26

Lucsamburg, an 8 Meán Fómhair 2026

## Dlí na dtrádmharcanna: is féidir le dílseánach cur i gcoinne úsáid a bhaineann páirtí polaitíochta as a thrádmharc aitheanta murar léirigh an páirtí sin go bhfuil tosaíocht ag a shaoirse chun tuairimí a nochtadh ar chearta agus leasanna an dílseánaigh sin

Chuir páirtí polaitíochta plean i láthair go poiblí a bhaineann le hathchóiriú ar bheartas tearmainn agus inimirce na Beilge, ag baint úsáid as trádmharcanna aitheanta IKEA chun a theachtaireacht a neartú. Chun údar a thabhairt don úsáid sin, rinne an páirtí polaitíochta a shaoirse chun tuairimí a nochtadh a agairt. Ina breithiúnas, tugann an Chúirt Bhreithiúnais dá haire, chun a chinneadh an bhfuil 'cúis chuí' leis an úsáid sin, nach mór don chúirt náisiúnta cothromaíocht a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, ceart maoine dhílseánach an trádmhairc agus a leasanna agus, ar an taobh eile, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a d'agair an tríú páirtí sin agus a leasanna, agus níl ceachtar den dá cheart sin absalóideach. Sa chás seo, tugann an Chúirt faoi deara, áfach, go bhféadfadh úsáid na dtrádmharcanna IKEA sin dochar suntasach a dhéanamh do chlú na dtrádmharcanna sin agus do leasanna a ndílseánaigh. Sna himthosca sin, ní dhealraíonn sé go bhfuil tosaíocht ag úsáid thrádmharcanna IKEA, a dhéantar ar mhaithe le leas a bhaint as clú na dtrádmharcanna sin, agus chun teachtaireacht pholaitiúil a neartú agus a scaipeadh a mhéadú, agus chuige sin amháin, ar chearta agus ar leasanna dhílseánach na dtrádmharcanna sin, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú, áfach.

In 2022, ag comhdháil phreasa, chuir an páirtí polaitíochta Vlamms Belang plean polaitiúil dar teideal 'IKEA PLAN' – Immigratie Kan Echt Anders » ('Plean IKEA – an inimirce, tá dóigh eile atá ann le dul ina ceann), arbh é a bhí i gceist athchóiriú ar an mbeartas tearmainn agus inimirce sa Bheilg, i láthair go poiblí. Bhí comharthaí a fhreagraíonn le trádmharcanna IKEA sna híomhánna a bhí ag gabháil leis na moltaí sin agus bhí pearsana ann atá cosúil leo siúd a bhíonn sna treoracha chun táirgí ghnóthas IKEA a chur le chéile. Scaipeadh an ócáid phreasa sna meáin shóisialta. Thug Inter IKEA, dílseánach na dtrádmharcanna sin caingean mar gheall ar shárú os comhair chúirteanna na Beilge i gcoinne an Vrijheidsfonds, an comhlachas a reáchtáil feachtas Vlaams Belang.

Os comhair na gcúirteanna náisiúnta, d'admhaigh an Vrijheidsfonds gur úsáid sé trádmharcanna IKEA gan toiliú a fháil óna ndílseánach, ach áitíonn sé gur bhain sé úsáid as na trádmharcanna sin chun a theachtaireacht a neartú, agus é ag áitiú gurb ionann sin agus 'cúis chuí' de réir bhrí reachtaíocht an Aontais, a chosnaíonn a shaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí polaitiúla a chur in iúl agus scigaithris pholaitiúil a dhéanamh.[1] Agus í den tuairim gur coinbhleacht a bhí i gceist idir cearta bunúsacha atá ar an leibhéal céanna, eadhon an ceart maoine agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, rinne an chúirt náisiúnta tarchur chun na Cúirte Breithiúnais.

Ina breithiúnas, tugann an Chúirt faoi deara ar dtús **nach dtugtar sonraí i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcoincheap 'cúis chuí'.** Mar sin féin, sna haithrisí a ghabhann leis an reachtaíocht sin, chuir an reachtóir béim ar an ngá leis an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm ar bhealach lena n-áirithítear lán-urraim do shaoirsí agus cearta bunúsacha, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh go háirithe.

Mar sin féin, **ní leor an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a agairt chun cúis chuí a léiriú**. Ní mór do thríú páirtí,

ag baint úsáid as comhartha comhionann nó comhchosúil le trádmharc aitheanta, na forais nithiúla leis an úsáid sin a bhaineann le feidhmiú a shaoirse chun tuairimí a nochtadh a leagan amach agus a léiriú go bhfuil tosaíocht ag na forais sin ar chearta agus leasanna dhílseánach an trádmhairc sin.

Ní mór don chúirt náisiúnta, chun a chinneadh an bhfuil 'cúis chuí' leis an úsáid sin ag tríú páirtí, cothromaíocht **a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, ceart maoine dhílseánach an trádmhairc aitheanta agus a leasanna agus, ar an taobh eile, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a d'agair an tríú páirtí sin agus a** leasanna, agus níl ceachtar den dá cheart sin absalóideach.

**Sa chomhthéacs sin, ní mór don chúirt náisiúnta a chinneadh ar de mheon macánta a bhain an tríú páirtí úsáid as an trádmharc sin.** Is amhlaidh an cás sin go háirithe má dhéantar an úsáid sin chun smaoineamh nó tuairim a chur in iúl a bhaineann leis an trádmharc ann féin, le dílseánach an trádmhairc sin, lena chleachtais tráchtála, a tháirgí nó a sheirbhísí. Is tosca eile ábhartha iad an ndéantar an úsáid sin chun **cur le díospóireacht leasa ghinearálta** agus **na hiarmhairtí** a d'fhéadfadh a bheith ag úsáid an trádmhairc sin ag tríú bpáirtí **do dhílseánach an trádmhairc sin**. Go sonrach, ní féidir a cheangal ar an dílseánach sin cur suas le húsáid a d'fhéadfadh dochar as cuimse a dhéanamh dó, nó a bheadh de chineál go sárófaí substaint féin an chirt eisiaigh a dheonaítear tríd an trádmharc sin a chlárú.

Sa chomhthéacs sin, ní mór a chur san áireamh déine na húsáide a bhain an tríú páirtí as an trádmharc aitheanta, raon na húsáide sin agus na modhanna a roghnaíodh chuige sin agus an fíoras go bhféadfadh an úsáid a bhain an tríú páirtí as a thabhairt de thuiscint go n-aontaíonn dílseánach an trádmhairc sin an teachtaireacht pholaitiúil a chuirtear in iúl nó leis na smaointe polaitiúla a chuirtear chun cinn, nó go dtacaíonn sé leo ar bhealach ar bith, cé go bhfuil na luachanna a chuireann an dílseánach sin chun cinn bunaithe ar neodracht i ndáil le haon páirtí polaitíochta nó go bhfuil siad ar neamhréir leis an teachtaireacht pholaitiúil sin.

**I ndáil leis sin, tugann an Chúirt faoi deara, sa chás seo, go bhféadfadh úsáid na dtrádmharcanna IKEA sin dochar suntasach a dhéanamh do chlú na dtrádmharcanna sin agus do leasanna a ndílseánaigh.** Sna himthosca sin, ní dhealraíonn sé go bhfuil tosaíocht ag an úsáid a bhaineann an Vrijheidsfonds as trádmharcanna IKEA, agus an t-aon aidhm aige leas a bhaint as clú na dtrádmharcanna sin, a theachtaireacht pholaitiúil a neartú agus a scaipeadh mhéadú, ar chearta agus ar leasanna dhílseánach na dtrádmharcanna sin, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú, áfach.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta chun déileáil le hiarrataí ar réamhrialú a bhaineann go heisiach le 1) an comhchóras cánach breisluacha (CBL), 2) dleachtanna máil, 3) an Cód Custaim, 4) rangú earraí de réir taraife faoin Ainmníocht Chomhcheangailte, 5) cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó moill ar sheirbhísí iompair nó cealú seirbhísí iompair nó 6) an córas um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil. Tá dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais chun déileáil le gach iarraidh eile ar réamhrialú.

Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais ná an Chúirt Ghinearálta an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais nó ón gCúirt Ghinearálta. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Baineann na fíorais agus an dlí lena mbaineann leis an tréimhse ábhartha agus tá siad bunaithe ar na cáschomhaid.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar fáil ar 'Curia Web TV' agus ar 'European Broadcasting Service' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn! !**

[1] Airteagal 9(2)(c) de Rialachán 2017/1001 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 10(2)(c) agus (6) de Threoir 2015/2436 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna.